Mollaí Cúl

Irish Independent

eureka

Maidhc Reascóp

Buaiteoir 2005 – Gradam Domhanda an Léitheora Óig – *Cumann Domhanda na Nuachtán (WAN)*

Imleabhar 9, Eagrán 26
22 Bealtaine 2013

Irish Independent Forlíonadh Eolaíochta do Scoileanna

Turas ar an Zú

An samhradh seo caite, ghoid daoine adharca srónbheannach (rhinoceroses) ó mhúsaem agus ó cheannaí seandachtaí (antiques' dealer) i Vín na hOstaire. An mhí seo caite, i Sórd, Co. Átha Cliath, ghoid daoine ceithre chloigeann srónbheannaigh, ar a raibh ocht n-adharc. B'fhiú €50,000 iad san iomlán. Bhí na cloigne ansin toisc go raibh imní ar fhoireann (staff) an Mhúsaeim go ngoidfeadh duine éigin na cloigne as an Músaem féin. Bhí an fhoireann ag súil go mbeadh an áit sin níos daingne (more secure).

Cén fáth a dteastódh ó dhaoine adharca srónbheannach a ghoid? Ní eabhar atá iontu mar atá i starrfhiacail eilifinte. Ach creideann a lán daoine san Áise gur leigheas cumhachtach é má dhéanann siad púdar as adharc srónbheannaigh. Ach ní fíor é seo – ceiritin atá san adharc, an t-ábhar céanna atá i d'ingne agus i do chuid gruaige. Go bhfios dúinn, ní leigheasfaidh ceiritin aon ghalar ná aon fhadhb shláinte. Ceiritin atá i gcrúba ainmhithe freisin.

Sa Zú i mBaile Átha Cliath, sin an t-aon áit in Éirinn a bhfeicfidh tú srónbheannach beo. Tá an Zú seo ar cheann de na Zúnna is sine agus is mó tóra (most popular) ar domhan. Tá níos mó ná 400 ainmhí ina gcónaí ann, ainmhithe a thagann ó cheithre chearn an domhain. Is **speicis** neamhchoitianta (rare species) iad a lán díobh agus ní fios an mairfidh (survive) na speicis seo san fhiántas (in the wild). Mar sin de, tá roinnt mhaith de na hainmhithe i **gcláir phóraithe** (breeding programmes) idirnáisiúnta le haghaidh speicis atá i mbaol (endangered).

Tá ról an-tábhachtach ag zúnna i gcúrsaí oideachais freisin. Tá comhartha eolais le feiceáil taobh amuigh de chróite (enclosures) na n-ainmhithe – is féidir féachaint ar an ainmhí agus foghlaim faoi ag an am céanna. Tá ionad speisialta do pháistí i Zú Bhaile Átha Cliath, freisin. Féach ar a suíomh idirlín ag www.dublinzoo.ie Má tá Baile Átha Cliath rófhada uait, b'fhéidir go bhféadfá cuairt a thabhairt ar Pháirc Fhiadhúlra Fota (www.fotawildlife.ie) nó ar Zú Bhéal Feirste.

Zúnna

Tugann níos mó ná 600 milliún duine cuairt ar zú gach bliain. Tá 414 zú sa Ghearmáin, sin níos mó zúnna ná mar atá in aon tír eile. Ach tá an zú is sine ar domhan san Ostair. Osclaíodh é sa bhliain 1765. Osclaíodh an Zú i mBaile Átha Cliath sa bhliain 1830. Ag an am sin, bhíodh zúnna á n-oscailt chun ainmhithe a thaispeáint do dhaoine mar shiamsa (entertainment) agus bhíodh na hainmhithe faoi ghlas i gcásanna beaga. Seo an chéad seans a bhí ag a lán daoine féachaint ar roinnt de na hainmhithe seo, toisc nach raibh siad ábalta dul thar sáile.

Tá ról an-difriúil ag zúnna nua-aoiseacha na 21ú haoise. Tá **gnáthóga** ainmhithe á scrios. Is í an ghnáthóg an áit ina mbíonn ainmhithe ina gcónaí. Tá roinnt mhaith de choillte agus de thalamh féaraigh (grasslands) an domhain á ngearradh chun spás a dhéanamh d'fheirmeacha agus do chathracha. Mar sin, níl gnáthóga ag ainmhithe ar nós pandaí, tíogar agus srónbheannach. Tá dainséar ann go rachaidh siad **in éag** (become extinct). Faoi láthair **tá caomhnú** (conservation) ar cheann de na cúraimí (responsibilities) is tábhachtaí in obair zú. Oibríonn eolaithe ar chláir phóraithe (breeding programmes) a chabhraíonn le caomhnú. Bíonn siad in ann breathnú ar iompar na n-ainmhithe freisin agus taighde eile a dhéanamh.

Ainmhithe agus a ngnáthóga

Sa ghrianghraf, feicfidh tú pictiúir d' ainmhithe so-aitheanta (well-known) a bhfuil cónaí orthu i ngnáthóga éagsúla.
Déan machnamh ar na gnáthóga ina bhfuil siad ina gcónaí. Cén chaoi a bhfuil na hainmhithe in oiriúint (adapted) dá dtimpeallacht nó dá ngnáthóga?

Scríobh abairt amháin sa tábla thíos chun cur síos a dhéanamh ar bhealach amháin ina bhfuil gach ceann de na hainmhithe in oiriúint

Ainm an ainmhí	An chaoi a bhfuil sé in oiriúint

Dúshlán breise: Roghnaigh ainmhí zú a bhfuil suim ar leith agat ann. Scríobh amach **comhad** (file) **fíricí** ar an ainmhí seo a bheadh suimiúil do pháiste i Rang a 1 nó a 2. Sula dtosóidh tú, leag amach plean don chomhad. Seo beagáinín cabhrach duit:
Cá bhfeicfeá d'ainmhí san fhiántas?
Déan cur síos ar an ainmhí agus cuir pictiúr de sa chomhad.
Déan cur síos ar ghnáthóg an ainmhí.
An bhfuil an t-ainmhí i mbaol?

Gníomhaíocht

Cad faoi bhearradh gruaige/adhairce?

Fásann adharca srónbheannaigh i rith shaol an ainmhí, díreach mar a fhásann do chuid gruaige agus d'ingne. Fásann adharc srónbheannaigh suas le 8 gceintiméadar in aghaidh na bliana agus fásann siad suas go 1.5 méadar ar fad. An gceapann tú go bhfásann do chuid gruaige agus d'ingne chomh tapa céanna? Bheadh sé deacair ráta fáis (rate of growth) do chuid gruaige a thomhas. Más féidir leat ráta fáis d'ingne (nails) a thomhas, beidh tuairim agat cé chomh tapa agus a fhásann do chuid gruaige mar gurb é an t-ábhar céanna, ceiritin, atá i do chuid ingne agus i do chuid gruaige.



Bunábhair:
- Rialóir nó téip thomhais

Treoracha:
1. Socraigh an úsáidfidh tú ceintiméadair nó milliméadair chun na hingne a thomhas.
2. Chun na torthaí a **thaifeadadh,** d'fhéadfá pictiúr de do lámh a tharraingt, na hingne a dhathú isteach agus fad gach iongan a mharcáil uirthi.
3. Tomhais na hingne arís tar éis seachtaine.
4. Taifead an difríocht.
5. Bealach eile: dath deas a phéinteáil ar d'ingne - tar éis seachtaine, tomhais an píosa ag bun d'iongan nach bhfuil péint air.

Smaoinigh air seo:
Ar fhás na hingne ar do lámh dheas agus ar do lámh chlé ag an ráta céanna? Oibrigh amach cé mhéad a fhásfaidh d'ionga taobh istigh de choicís, de mhí, de bhliain (52 seachtain).

Ar mhaith leat bheith i do choimeádaí ainmhithe?

An maith leat bheith ag plé le hainmhithe? Ar mhaith leat cabhrú le hainmhithe atá i mbaol? B'fhéidir gur mhaith leat bheith i do choimeádaí ainmhithe mar sin - ach ná déan dearmad go mbíonn obair an-dian i gceist freisin! An gcuirfeadh an drochbholadh agus an salachar ar fad isteach ort? Bíonn na coimeádaithe ainmhithe freagrach as aire mhaith a thabhairt do na hainmhithe. Bíonn orthu cróite na n-ainmhithe a choinneáil glan agus bia ceart agus uisce a thabhairt dóibh. I ndialanna na n-ainmhithe scríobhann siad nótaí ar a sláinte, a mbia agus a n-iompar (behaviour). Déanann coimeádaithe ainmhithe cúrsaí i **zó-eolaíocht** (staidéar ar ainmhithe) nó faigheann siad cáilíocht i mBainistíocht Ainmhithe Zú.

Déan gnáthóg do sheilidí



An mbeadh suim agat aire a thabhairt d'ainmhithe beaga i ngéibheann (captivity) ar feadh tamaill? Féach thart ar ghnáthóg gar do do bhaile go bhfaighidh tú seilidí. Déan staidéar ar an gcaoi a maireann siad san fhiántas agus ansin tóg cúpla seilide i ngéibheann ar feadh cúpla lá chun breis eolais a fháil orthu.

Smaoinigh:

- Conas a thabharfaidh tú gnáthóg dóibh ina mbeidh siad sláintiúil?
- Cén sórt aimsire is fearr leo, an dóigh leat?
- Cén sórt bia a itheann siad?
- Cá bhfios duit go n-itheann siad an bia seo?
- Cé mhéad spáis ba chóir duit a thabhairt dóibh?

Bunábhair:

- Cúpla seilide ón ngairdín
- Coimeádán mór .i. umar éisc nó coimeádán **tréshearcach** (transparent) eile
- Clúdach ina bhfuil poill bheaga .i. píosa cárta
- Ithir
- Clocha beaga
- Craobhóga
- Duilleoga ar a raibh na seilidí nuair a fuair tú iad
- Spraeire uisce (roghnach)

Treoracha:

1. Cuir an ithir, na craobhóga, na clocha agus na duilleoga sa choimeádán.
2. Cuir na seilidí go cúramach sa choimeádán. Bí cinnte go bhfuil an ithir agus araile tais. Cuir an clúdach ar an gcoimeádán.
3. Cuimhnigh an ghnáthóg a choimeád tais agus ná bíodh sé go díreach sa ghrian.
4. Coimeád súil ar na seilidí ar feadh cúpla lá.
5. Scríobh liosta de na rudaí a thug tú faoi deara.

Ainmhithe agus a ngnáthóga

Tá a lán bealaí éagsúla ann gur féidir le hainmhí bheith in oiriúint - seo **cúpla sampla:**

An béar bán: tá sraith thiubh bhlonaige (blubber) faoina chraiceann. Coimeádann sí seo an béar te teolaí.

Piongain: Seasann piongainí Impireacha taobh le taobh chun iad féin a choimeád te teolaí.

Eilifint: Buaileann (flap) sí a cluasa móra chun í féin a choimeád fionnuar (cool).

Tíogar: Nuair a shoilsíonn an ghrian trí ghéaga na gcrann sa dufair cruthaíonn sí stríocaí solais agus scáile ar an talamh. Is féidir leis an tíogar é féin a cheilt sna stríocaí seo mar gheall ar na stríocaí geala dubha ar a fhionnadh féin.

Seilidí ollmhóra Afracacha

Anseo in Éirinn, bímid ag clamhsán faoi sheilidí, go háirithe má itheann siad síológa (seedlings) oraínn. Ach tá éin againn in Éirinn, smólaigh (thrushes) mar shampla, agus itheann siad seilidí agus coinníonn siad líon na seilidí faoi smacht. Ach samhlaigh cad a tharlaíonn in áiteanna i Meiriceá. Tá seilidí ollmhóra ón Afraic ann anois. Fásann na seilidí chomh mór le francach agus itheann siad trí bhalla agus trí phlástar. Beireann na seilidí seo thart ar 1,200 ubh in aghaidh na bliana.

Buaiteoirí an chomórtais. Cén dá scoil a bhuaigh turas lae go Béal Feirste?

I gcomhar le hEureka, thairg Bord Turasóireachta Thuaisceart Éireann seans do bheirt léitheoirí turas lae go Béal Feirste a bhuachan dá ranganna. Sheol a lán scoileanna freagraí isteach agus bhí siad uile ceart! Maith sibh! Chuireamar na hiarrachtaí uile in dhá hata agus seo daoibh na torthaí:

Mar dhuais do Rang 2, 3 nó 4, tabharfaidh bus an rang agus beirt mhúinteoirí go Béal Feirste agus ar ais chuig an scoil; tabharfaidh siad cuairt ar W5 – www.w5online.co.uk agus beidh lón acu. **Scoil Náisiúnta Choill an Iarainn, Guaire, Co. Loch Garman** a bhuaigh an duais seo.

Mar dhuais do Rang 5 nó 6, tabharfaidh bus an rang agus beirt mhúinteoirí go Béal Feirste agus ar ais chuig an scoil; tabharfaidh siad cuairt ar Titanic Belfast – www.titanicbelfast.com agus beidh lón acu. **SN an Daingin, Cill Mhór, Cora Droma Rúisc, Co. Ros Comáin a bhuaigh** an duais seo.

Comhghairdeas leis an dá scoil. Táimid cinnte go mbeidh an-lá agaibh i mBéal Feirste.

discover northernireland .com

Seo srónbheannach!

Rugadh srónbheannach bán baineann (female) i Zú Bhaile Átha Cliath ar an 28 Bealtaine, cúig bliana ó shin. Ba é an chéad srónbheannach a rugadh ann le ceithre bliana déag anuas. Bhí na coimeádaithe agus na heolaithe uile ag ceiliúradh mar ní bheireann srónbheannach lao (calf) ach uair amháin i ngach dhá bhliain go leith go cúig bliana.

Tá srónbheannaigh dhubha agus bhána le feiceáil san Afraic, ach dáiríre, tá dath liath orthu. Tá dhá adharc orthu; is mó an ceann tosaigh ná an ceann ar chúl. Is dócha go n-úsáideann na srónbheannaigh bhaineanna a n-adharca chun a n-óg a chosaint ach úsáideann na cinn fhireanna iad chun ionsaitheoirí a throid. Tá siad ar an hainmhithe is mó atá i mbaol ar domhan mar go ndéanann daoine seilg (hunt) orthu chun a n-adharca a fháil.

Bíonn drochradharc ag srónbheannaigh ach tá céadfaí an bholaidh and na héisteachta an-ghéar ar fad. Tá srónbheannach ar cheann de na hainmhithe is troime ar domhan. Tá a chraiceann an-tiubh. De ghnáth bíonn an aimsir an-te faoi ghrian na hAfraice agus is maith leis an srónbheannach poll uisce a fháil inar féidir leis rolladh sa láib (mud) chun éarthach míolta (bug repellent) agus griansciath (sunscreen) nádúrtha a chur ar a chraiceann.

Fíricí Fónta

- Sa bhliain 2009, tháinig **seandálaithe** (archaeologists) ar fhianaise (evidence) go raibh zú san Éigipt thart ar 3500 R.C. Bhí dobhareacha, eilifintí, babúin agus cait fhiáine ann.
- Níl dódó le feiceáil i zú ar bith. Bhíodh na héin mhóra seo ina gcónaí ar oileán Mhuirís (Mauritius). Ní raibh siad in ann eitilt. Mharaigh mairnéalaigh a lán díobh agus ní raibh ceann amháin fágtha faoin mbliain 1700.
- Tá starrfhiacla (tusks) eilifinte déanta as eabhar (ivory). Úsáidimid eabhar le haghaidh méarchláir phianó agus le haghaidh seodra. Mharaigh daoine na mílte eilifint Afracach chun a starrfhiacla a fháil. Is cúis áthais go bhfuil cosc ar eabhar a thrádáil anois agus go bhfuil deireadh beagnach le marú eilifintí le haghaidh eabhair.

eureka

Foilsíonn an Irish Independent Eureka, i gcomhar leis an Ionad Oideachas Eolaíochta ag Coláiste Phádraig, Droim Conrach, BÁC 9, le tacaíocht ón gComhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta.

Ionad Oideachas Eolaíochta

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

Aistriúchán: Bairbre Ní Ógáin
Eagarthóireacht: Pól Ó Cainín
Taighde & Téacs: Paula Kilfeather, Clíona Murphy, Fiachra Ó Brolcháin & Janet Varley
Dearadh: INM Studio
Scríobh chuig: Debbie Brennan, Eureka, Irish Independent, 27-32 Sráid Thalbóid, BÁC 1
Líne do Chustaiméirí: 023 8863850 nó
Cuir ríomhphost chuig:
eureka@ independent.ie
www.independent.ie/eureka